

Cuardach fós ar siúl

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoin eitleán atá ar iarraidh in oirdheisceart na hÁise. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, áfach, an féidir leat na focail Bhéarla a cheangal leis na focail Ghaeilge?

1. without a trace	a) thar lear
2. pleading	b) ag impí
3. Chinese origin	c) dlús a chur
4. was hijacked	d) gan tasc ná tuairisc
5. abroad	e) ar iarraidh
6. tests	f) tástálacha
7. stolen passport	g) bunadh na Síne
8. missing	h) éiginnteacht
9. uncertainty	i) pas goidte
10. quicken	j) fuadaíodh

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Ceist 2

Sula bhféachfaidh tú ar an tuairisc, pléigh an méid atá ar eolas agat faoin scéal seo leis an duine in aice leat, ag baint úsáide as na focail thuas.

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an gcabhraíonn sé sin libh na focail a thuiscint.

Ceist 3

Féach ar an tuairisc arís. An bhfuil na habairtí seo **fíor** nó **bréagach**?

1. Tá an t-eitleán ar iarraidh ó bhí maidin Dé Sathairn ann.
2. Dhá chéad caoga duine a bhí ar an eitleán.
3. Tá an tSín ag cur brú ar an Malaeisia seirbhísí tarrthála a chur ar fáil.
4. Léirigh na tástálacha ola gur as eitleán a tháinig sé.
5. Bhí beirt ar bord an eitleáin le pas goidte.

Ceist 4

'...ana-chuid...' agus '...an-chuid...'

1. Cad é an difríocht idir an dá shampla thuas?
2. Cuir an- roimh na focail seo anois:

an-(maith): _____
an-(sásta): _____
an-(deacair): _____
an-(cliste): _____
an-(aosta): _____
an-(sean): _____
an-(costasach): _____

Ceist 5 ‘...pas *goidte*...’

Is é an aidiacht bhriathartha atá i gceist leis an bhfocal i gcló dubh thuas.

Féach ar an tuairisc arís agus aimsigh an aidiacht bhriathartha de na briathra seo atá le cloisteáil inti:

caith: _____
faigh: _____
bailigh: _____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo le do ghrúpa:

1. An mbíonn eagla ort féin nuair a bhíonn tú ar eitleán? Cén fáth?
2. An bhfuil cuimhne agat ar aon am eile a fuadaíodh eitleán?
3. Cad é an timpiste eitleáin is mó a tharla le tamall?

Treoracha agus Freagraí
Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
d	b	g	j	a	f	i	e	h	c

Ceist 2

Iarr ar gach beirt plé a dhéanamh ar aon eolas breise atá acu faoin scéal seo tar éis éisteacht amháin.

Ceist 3

1. Fíor.
2. Bréagach – bhí dhá chéad tríocha naoi duine ar an eitleán.
3. Bréagach – tá an tSín ag cur brú ar an Malaeisia dlús a chur leis an gcuardach.
4. Bréagach – léiríodh nach as eitleán an ola.
5. Fíor.

Ceist 4

1. Baintear úsáid as an leagan ‘ana-chuid’ in áit ‘an-chuid’ go minic sa chaint. Ní bhaineann riail na *dentals* leis an leagan **ana-**, ach moltar an leagan **an-** a úsáid sa scríobh.

2. an-mhaith
an-sásta
an-deacair
an-chliste
an-aosta
an-sean
an-chostasach

Ceist 5

- Caith – caite
Faigh – faighte
Bailigh – bailithe

Ceist 6

Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na gceisteanna seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Emer Ní Chonaola

Thar lear, tá an tSín ag impí ar an Malaeisia dlús a chur leis an gcuardach ar eitleán a d'imigh gan tasc ná tuairisc go luath maidin Dé Sathairn seo caite. Deir na húdaráis sa Mhalaeisia go bhfuil eolas acu faoi dhuine de na daoine a bhí ar bhord an eitleáin¹ agus a raibh pas goidte aige.

Caoimhe Ní Chonchoille

Chóir a bheith trí lá atá caite anois ó chuaigh eitleán de chuid aerlínte na Malaeisia ar iarraidh in oirdheisceart na hÁise agus níl tasc ná tuairisc uirthi go fóill. Dhá chéad tríocha naoi duine a bhí ar bhord na heitilte agus í ar a bealach ó Kuala Lumpur go Béising nuair a chuaigh sí ar iarraidh. Léirigh tástálacha ar ola a fuarthas amach ó chósta na Malaeisia nach dtáinig² sé as eitleán. Tá an tSín ag impí ar an Mhalaeisia dlús a chur faoin chuardach.

I mBéising, tá teaghlaigh na ndaoine a bhí ar bhord an eitleáin ag fanacht le scéala ach níl mórán eolais faighte acu go fóill.

John Ó Liodáin

Ón méid daoine a bhí ar an eitleán é féin, do bhí cuid mhaith de bhunadh na Síne agus tá ana-chuid daoine bailithe le chéile in...i gceantar darb ainm Lido, anseo i mBéising agus tá siad ag cuardach eolais mar gheall ar an eitleán agus tá ana-chuid agóidí ag tosú anois toisc nach bhfuil siad in ann teacht ar an eolas. An craoltóir náisiúnta anseo sa tSín, *Xinhua*, ní féidir leo an t-eolas a fháil ó rialtas na Malaeisia. Tá ana-chuid éiginnteachta ar siúl anois.

Caoimhe Ní Chonchoille

Idir an dá linn, tá eolas faighte ag na húdaráis sa Mhalaeisia faoi dhuine den bheirt fhear a bhí ar bhord an eitleáin le pas goidte, ach níl siad ag tabhairt le fios cé hé féin go fóill. Deir na húdaráis nach féidir a dheimhniú go fóill nár fuadaíodh an t-eitleán. Caoimhe Ní Chonchoille, Nuacht TG4.

¹ ar bord an eitleáin a deirtear

² Nár tháinig atá sa Chaighdeán Oifigiúil